(b) a ngairis cosanta a chur in oiriúint dá chéile oiread agus is féidir, go háirithe trí bhíthin sainaithint a riachtanas míleata a chomhchuibhiú, a meáin agus a gcumais cosanta a chomhthiomsú, agus, nuair is iomchuí, speisialtóireacht a dhéanamh orthu, agus taobhú leis an gcomhar i réimsí na hoiliúna agus na lóistíochta;

(c) bearta táigiúla a ghlacadh chun infhaighteacht, idir-inoibritheacht, solúbthacht agus in-imscarthacht a gcuid fórsaí a fheabhsú, go háirithe trí chomhchuspóirí a shainaithint maidir le fórsaí a sholáthar, lena bhféadfaí athbhreithniú ar a nósanna imeachta náisiúnta cinnteoireachta a áireamh;

(d) comhoibriú chun a áirithiú go nglacfaidh siad na bearta is gá, lena n-áirítear trí chur chuige ilnáisiúnta agus gan dochar do na gealltanais ina leith sin laistigh d'Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, chun na heasnaimh arna suíomh faoi chuimsiú an 'tSásra Forbartha Cumais' a shlánú;

(e) páirt a ghlacadh, nuair is iomchuí, i bhforbairt mórchlár comhpháirteach trealaimh nó mórchlár Eorpach trealaimh faoi chuimsiú na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint.

Airteagal 3

Rannchuideoidh an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint le measúnú tráthrialta ar rannpháirtíochtaí na mBallstát rannpháirteach i dtaca le cumais, go háirithe na rannpháirtíochtaí arna ndéanamh i gcomhréir leis na critéir a bhunófar inter alia ar bhonn Airteagal 2, agus déanfaidh sí tuarascáil air ar a laghad uair sa bhliain. Féadfar an measúnú sin a úsáid mar bhonn do mholtaí agus do chinntí ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 28e den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

PRÓTACAL

A BHAINEANN LE hAIRTEAGAL 6(2) DEN CHONRADH AR AN AONTAS EORPACH MAIDIR LEIS AN AONTAS A AONTÚ DON CHOINBHINSIÚN EORPACH CHUN CEARTA AN DUINE AGUS SAOIRSÍ BUNÚSACHA A CHOSAINT

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

Airteagal 1

Forálfar sa chomhaontú a bhaineann leis an Aontas aontú don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (dá ngairtear 'an Coinbhinsiún Eorpach' anseo feasta) dá bhforáiltear in Airteagal 6(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go ndéanfar sainairíonna an Aontais agus dhlí an Aontais a chaomhnú, go háirithe maidir leis:

(a) na socruithe speisialta le haghaidh rannpháirtíocht ionchasach an Aontais i gcomhlachtaí rialaithe an Choinbhinsiúin Eorpaigh;

(b) na sásraí is gá chun a áirithiú go ndéanfar imeachtaí arna dtabhairt ag Stáit nach Ballstáit iad agus iarratais leithleacha a dhíriú i gceart chuig na Ballstáit agus/nó an Aontas, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 2

Áiritheoidh an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 1 nach ndéanfaidh aontachas an Aontais difear d'inniúlachtaí an Aontais ná do chumhachtaí a chuid institiúidí. Áiritheoidh sé nach ndéanfaidh aon ní ann difear do staid na mBallstát i ndáil leis an gCoinbhinsiún Eorpach, go háirithe i ndáil leis na Prótacail atá i gceangal leis, le bearta arna nglacadh ag na Ballstáit de mhaolú ar an gCoinbhinsiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 15 de agus le forchoimeádais arna ndéanamh ag na Ballstáit maidir leis an gCoinbhinsiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 57 de.

Airteagal 3

Ní dhéanfaidh aon ní sa chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 1 difear d'Airteagal 292 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

PRÓTACAL

MAIDIR LEIS AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS AN IOMAÍOCHT

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG CUR SAN ÁIREAMH go gcuimsíonn an margadh inmheánach mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach é córas a áirithíonn nach ndéanfar an iomaíocht a shaobhadh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ chun na críche sin, go nglacfaidh an tAontas, más gá, bearta faoi chuimsiú fhorálacha na gConarthaí, lena n-áirítear Airteagal 308 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Cuirfear an Prótacal seo i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

PRÓTACAL

MAIDIR LE CAIRT UM CHEARTA BUNÚSACHA AN AONTAIS EORPAIGH A CHUR I bhFEIDHM MAIDIR LEIS AN bPOLAINN AGUS LEIS AN RÍOCHT AONTAITHE

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

DE BHRÍ go n-aithníonn an tAontas, le hAirteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, na cearta, na saoirsí agus na prionsabail a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

DE BHRÍ go gcaithfear an Chairt a chur i bhfeidhm i gcomhréir dhlúth le forálacha Airteagal 6 dá dtagraítear thuas agus le Teideal VII den Chairt féin;